**Iarraidh ar réamhrialú ó/ón Rechtbank Amsterdam (an Ísiltír) a taisceadh an 29 Meán Fómhair 2022 – Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond v Autoriteit Persoonsgegevens**

**(Cás C-621/22)**

(2023/C 7/18)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Amsterdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond

*Cosantóir:* Autoriteit Persoonsgegevens

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. Cén léiriú is cóir don Rechtbank (cúirt dúiche) a thabhairt ar an téarma "leas dlisteanach"?

2. Ar chóir an téarma sin a léiriú mar a léiríonn an t-iarratasóir é? An mbaineann sé go heisiach le leasanna a chumhdaítear agus a chinntear leis an dlí? Nó,

3. An féidir le haon leas a bheith ina leas dlisteanach, ar choinníoll nach sáraítear an dlí leis an leas sin? Go sonrach, ar chóir leas is leas tráchtála amháin, amhail an leas atá i gceist anseo, sonraí pearsanta a chur ar fáil ar íocaíocht gan toil an ábhair sonraí lena mbaineann, a mheas mar leas dlisteanach in imthosca áirithe? Más ea, cad iad na himthosca lena gcinntear go bhfuil leas is leas tráchtála amháin ina leas tráchtala?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tallinna Ringkonnakohus (an Eastóin) a taisceadh an 14 Deireadh Fómhair 2022 – Globex International OÜ v Duclos Legnostrutture Srl agus RD**

**(Cás C-647/22)**

(2023/C 7/19)

*Teanga an cháis: an Eastóinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tallinna Ringkonnakohus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Globex International OÜ

*Cosantóirí:* Duclos Legnostrutture Srl agus RD

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 1896/2006 ([1]) a léiriú sa chaoi gurb ionann riail dlí náisiúnta amhail Airteagal 371(1)(4) de Chód Nós Imeachta Sibhialta na hEastóine (ar dá réir nach nglacfaidh cúirt le caingean *inter alia* i gcás ina ndearna cúirt de chuid na hEastóine ordú lena gcuirtear clabhsúr le himeachtaí i ndíospóid idir na páirtithe céanna maidir leis an ábhar céanna agus ar an mbonn céanna agus lena gcuirtear cosc ar dhul os comhair na gcúirteanna ar an ábhar céanna, ar ordú é atá tagtha chun bheith críochnaitheach) agus bacainn ar chaingean a éisteacht i dtaca le héileamh dár eisíodh ordú íocaíochta Eorpach agus ar dhearbhaigh cúirt de chuid Ballstát go bhfuil sé in-fhorghníomhaithe?

2. Má fhreagraítear an chéad cheist, i bprionsabal, sa chiall gur bacainn atá ann, an dtabharfar freagra difriúil más dealraitheach, tar éis a dhearbhú go bhfuil an t-ordú íocaíochta Eorpach in-fhorghníomhaithe, nach raibh seirbheáil an ordaithe íocaíochta i gcomhréir leis na híoschaighdeáin a leagtar síos in Airteagail 13 go 15 de Rialachán Uimh. 1896/2006.

3. Má fhreagraítear an dara ceist sa chaoi gur bacainn atá ann: An bhféadfaidh an chúirt a d'eisigh an t-ordú íocaíochta Eorpach agus a dhearbhaigh go bhfuil sé in-fhorghníomhaithe a chinneadh, *ex officio* nó ar iarratas ón éilitheoir, go bhfuil an dearbhú in-fhorghníomhaitheachta maidir leis an ordú íocaíochta neamhbhailí i gcás inar dealraitheach, tar éis a dhearbhú go bhfuil an t-ordú íocaíochta Eorpach in-fhorghníomhaithe, nach raibh seirbheáil an ordaithe íocaíochta i gcomhréir leis na híoschaighdeáin a leagtar síos in Airteagal 13 go 15 de Rialachán Uimh. 1896/2006?

4. Más freagra dearfach a thabharfar ar an tríú ceist: An bhféadfaidh an chúirt a d'eisigh an t-ordú íocaíochta Eorpach agus a dhearbhaigh go bhfuil sé in-fhorghníomhaithe breith a thabhairt ar neamhbhailíocht an dearbhaithe in-fhorghníomhaitheachta maidir leis an ordú íocaíochta, gan beann ar imeachtaí forghníomhaithe a bheith seolta nó críochnaithe, ná ar an toradh atá orthu, sa chúirt i mBallstáit an fhorghníomhaithe.

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO 2006 L 399, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (an Ghearmáin) a taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 – I (*) GmbH & Co. KG v Hauptzollamt HZA (*)**

**(Cás C-655/22)**

(2023/C 7/20)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzhof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* I (*) GmbH & Co. KG

*Freagróir:* Hauptzollamt HZA (*)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 2 de Rialachán 1360/2013 ([1]) a léiriú sa chaoi gur chóir do mhonaróir siúcra a éileamh ar aisíocaíocht tobhach a íocadh go míchuí a chur isteach roimh an 30 Meán Fómhair 2014?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist: I gcás amhail an cás seo (tobhaigh arna socrú go cinntitheach a cuireadh i bhfeidhm de shárú ar dhlí an Aontais, nár iarradh a n-aisíoc go dtí bliain tar éis do Rialachán Uimh. 1360/2013 comhéifeacht níos ísle a leagan síos go cúlghabhálach), an bhfuil an t-údarás inniúil i dteideal diúltú do thobhach táirgeachta a íocadh go míchuí a aisíoc ar bhonn forálacha náisiúnta maidir le cinntitheacht, ar bhonn teorainneacha ama do mheasúnuithe tobhaigh faoin dlí náisiúnta agus ar bhonn phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla faoi dhlí an Aontais?

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1360/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena socraítear tobhaigh tháirgeachta in earnáil an tsiúcra le haghaidh na mblianta margaíochta 2001/2002, 2002/2003, 2003/2004, 2004/2005 agus 2005/2006, an chomhéifeacht is gá chun an tobhach breise le haghaidh na mblianta margaíochta 2001/2002 agus 2004/2005 a ríomh, agus an méid a íocfaidh na monaróirí siúcra le díoltóirí biatais i ndáil leis an difríocht idir an tobhach uasta agus an tobhach a ghearrfar i leith na mblianta margaíochta 2002/2003, 2003/2004 agus 2005/2006 (IO 2013 L 343, lch. 2).

---

(*) Tá an fhaisnéis scriosta nó ionadaithe laistigh den chreat maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint.